Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2025/5218

6.10.2025

**Caingean arna tabhairt an 1 Lúnasa 2025 – LC v an Coimisiún**

**(Cás T-542/25)**

(C/2025/5218)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

## Páirtithe

*Iarratasóir:* LC (ionadaithe: S. Rodrigues agus A. Champetier, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach

## An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— tuarascáil mheastóireachta an iarratasóra le haghaidh 2024 a chur ar neamhní;

— a ordú don chosantóir cúiteamh a íoc as damáistí morálta an iarratasóra, arna mheas *ex æquo et bono* ag suim EUR 20 000;

— a ordú don chosantóir na costais iomlán a íoc.

## Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca lena chaingean, maíonn an t-iarratasóir dhá shaincheist dlí, lena n-éilítear, leis an gcéad saincheist dlí, earráidí follasacha measúnaithe agus, leis an dara saincheist dlí, sárú ar an gceart chun éisteacht a fháil agus sárú ar Airteagal 41 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.